

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)**

13994/24

**ENER 474
COMPET 981
CLIMA 332**

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Éagsúlacht praghsanna mórdhíola leictreachais - Seisiún tuairimíochta

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le héagsúlachtaí sna praghsanna mórdhíola leictreachais i bhfianaise na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 15 Deireadh Fómhair 2024.

Eágsúlacht sna praghsanna mórdhíola leictreachais**Comhthéacs agus forléargas**

Le míonna beaga anuas, tá Lár agus Oirthear agus Oirdheisceart na hEorpa ag dul i ngleic le praghsanna arda leictreachais, agus mórarduithe tobanna ar phraghsanna le linn buaicuaireanta, go háirithe sa tráthnóna. Bhí tionchar díréireach ag na praghsanna sin, ar mó ná EUR 400/MWh iad i gcásanna áirithe le linn mhí Iúil agus mhí Lúnasa 2024, ar réigiún Oirdheisceart na hEorpa, rud a chuir brú suntasach ar gheilleagair agus ar iomaíochas an réigiúin sin.

Bhí tionchar ar leith ar na Ballstáit sa réigiún, rud a fhágann go bhfuil saincheistanna iomaíochais ann, agus mar thoradh air sin, tá siad ag iarraidh ar an Aontas gníomhaíocht chomhordaithe a dhéanamh chun praghsanna a chobhsú agus chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú sa réigiún.

Tá an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, ag féachaint ar na cúiseanna agus na tosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis leis an staid sin, lena n-áirítear éileamh ard ar leictreachas le linn tonn teasa, nó oibreacha cothabhála ar an eangach tharchuir agus i roinnt gléasraí cumhachta. Ina theannta sin, cuireann bonneagair trasteorann neamhleora bac ar dháileadh éifeachtúil leictreachais idir roinnt réigiún, go háirithe le linn tréimhsí buaicéilimh, rud a mhéadaíonn praghsanna agus a chruthaíonn neamhéifeachtúlachtaí sa mhargadh. Ina theannta sin, níl réigiún Oirdheisceart na hEorpa comhtháite go hiomlán le margadh leictreachais an Aontais atá níos mó, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le difríochtaí suntasacha praghsanna agus a d'fhéadfadh bac a chur ar aistriú rianúil an fharasbairr fuinnimh ó limistéir eile.

Ag an am céanna, tá dúshlán roimh an réigiún a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite athraitheach a bhainistiú mar gheall ar infhaighteacht neamhleor stórála nó réitigh sholúbthachta eile. Mar shampla, tá roinnt Ballstát ag brath níos mó ar ghléasraí cumhachta guail agus gáis mar gheall ar laghdú ar an gcumhacht hidrileictreach de bharr dálaí triomaigh, rud a chuireann le costais.

Leis na méaduithe tobanna sin ar an margadh mórdhíola leictreachais — go háirithe i Lár agus in Oirdheisceart na hEorpa — léirítear gur gá féachaint ar bhearta spriocdhírthe lena féidir rannchuidiú go héifeachtach le neartú an mhargaidh leictreachais, na slándála fuinnimh agus na cobhsaíochta sa réigiún agus san Aontas ar bhonn níos ginearálta.

Bearta riachtanacha

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chun feidhmiú cuí an mhargaidh ar fud an Aontais a áirithiú, chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar inathraitheacht an fhuinnimh in-athnuaite agus chun an soláthar a ailíniú ar bhealach níos éifeachtaí leis an éileamh, tá gá le hinfheistíochtaí suntasacha in idirnaise agus sa tsolúbthacht (freagairt ar éileamh, acmhainneacht stórála, etc.), anuas ar infheistíochtaí breise sa bhonneagar, agus ag an am céanna oiriúnuithe spriocdhírithe agus sásraí dlúthpháirtíochta a cheadú chun tacú leis na Ballstáit. Ag an am céanna, d'fhéadfadh gá a bheith le bearta gearrthéarmacha chun tréimhsí praghsanna arda a chosc le linn thréimhse an gheimhridh. Tá sé tábhachtach a áirithiú go gcuirfear tionchair réigiúnacha níos leithne san áireamh sna cinntí náisiúnta freisin. Tá comhordú feabhsaithe i measc oibreoirí córais tarchuir agus comhordú le haghaidh pleanáil bonneagair ríthábhachtach chun leas iomlán a bhaint as acmhainneacht iomlán an réigiúin agus chun praghsanna a chobhsú.

Ceisteanna treoracha le haghaidh an phlé

1. Cad iad na bearta breise a d'fhéadfaí a dhéanamh chun an acmhainneacht fhisiceach trasteorann a mhéadú chun feabhas a chur ar an trádáil idir réigiúin éagsúla an Aontais Eorpaigh?
2. An gá feabhas a chur ar an gcomhordú chun a áirithiú go gcuirfear an tionchar réigiúnach níos leithne a bhíonn ag cinntí ar leibhéal na tíre san áireamh?
3. Cad iad na céimeanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha is gá sa réigiún agus sa mhargadh inmheánach fuinnimh i gcoitinne chun rolladh amach solúbthachta a éascú, chun éifeachtúlacht na sreafaí trasteorann a fheabhsú agus chun trédhearcacht agus inrochtaineacht sonraí leictreachais a fheabhsú?